Polasaí um Threoir agus Chomhairleoireacht i gColáiste an Eachréidh

SCÓIP:
Pobal iomlán an Choláiste. Cuireann an plean um threoir scoile stiúradh ar fáil. Leagann sé amach na cuspóirí agus na tosaíochtaí a bhaineann le soláthar treorach sa gColáiste.
Díríonn an plean acmhainní an Choláiste ar na réimsí ina bhfuil géarghá leo. Tugtar seans don fhoireann, do scoláirí agus tuismitheoirí páirt dhearfach a ghlacadh, trí chomhoibriú, i bhforbairt agus ins na hathraithe a theastaíonn.

CEANGAL LE RÁITEAS MISEAN AN CHOLÁISTE:
Tá ceangal bunúsach ag Treoir agus Comhairleoireacht i gColáiste an Eachréidh le ráiteas misean an Choláiste ina ndéantar "gach dícheall timpeallacht shlán shábháilte a chruthú ina ndéantar oideachas a sholáthar ag díriú ar fhorbairt acadúil sóisialta agus cultúrtha na scoláirí."

SMAOINTEOIREACHT:
Séard atá i gceist le treoir ná réimse de thaithí foghlama a chuirtear ar fáil in ord céimnitheach chun cabhrú le scoláirí roghanna a dhéanamh faoina saol agus chun na hathchóirithe a dhéanamh a leanann na roghanna seo. Is féidir na roghanna a rangú i dtrí réimse: Pearsanta, Oideachasúla, Gairmiúla

TREOIR PHEARSANTA AGUS SHÓISIÁLTA:
I measc na ngníomhachtaí a thacaíonn le seo tá:-

-Obair ranga/grúpaí.
-Scileanna idirphearsanta.
-Cén chaoi cinneadh tábhachtach a dhéanamh.
-Cén chaoi a bheith aireach.
-Cén chaoi pleanáil a dhéanamh
-Scileanna éifeachtach phearsanta a fhorbairt
- Comhairleoireacht chun cabhrú le scoláirí a smaointe a nochtadh
- Ag tabhairt aire agus tacaíochta do dhaltaí agus iad ag déileáil leis na gnéithe a bhaineann le fás chun aibíochta agus na roghanna atá acu a chíoradh.
Scéim cairdeas (buddy system)

TREOIR OIDEACHASÚIL:
Tacaítear le scoláirí ins na bealaí seo

- Roghnú ábhar (Bliain 1 agus Idirbhliain)
- Leibhéal ábhar (Bliain 3 agus 6 ach go háirithe)
- Measúnú- triallacha siceolaíochtal, GAP, VERNON, WRAT, DATS &rl)
- Féin-spreagadh
- Scileanna staidéir
- Teicnicí scrúduithe
- Scileanna oibre, puncúlacht, láithreachais, (Ceiliúradh)

TREOIR GHAIRME:
Tugtar treoir

- Gairmeacha beatha a fhiosrú.
- Ullmhú do thaithí oibre (Idirbhliain) agus léirmheas ar an taithí sin.
- Cúrsaí tríú leibhéil a iniúchadh agus a roghnú.
- Taifead a choinneáil ar iardhaltaí maidir lena oideachais agus gairme.

AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ
Tagann aidhmeanna ginearálta an Phlean um Threoir Scoile le haidhmeanna reatha an Choláiste, (Féach Polasaí Tréadchúraim) leagtha amach san Ráiteas Misin:

- Féin-smacht agus féin-stiúrthóireacht a fhorbairt sna scoláirí.
- Timpeallacht scoile a chothú ina gcuirtear béim ar chearta agus dualgais atá ag gach scoláire.
- Scileanna a chothú i scoláirí chun forbairt phearsanta a bhaint amach.
- Atmaisféar dearfach, taitneamhach a chothú sa gColáiste.
- Taithí a chur ar fáil a spreagann cruthaitheacht, forbairt phearsanta, scileanna cén chaoi cinneadh a dhéanamh chomh maith le scileanna machnaimh.

Spriocghrúpaí
Tá sé mar aidhm ag an bplean seo riachtanais na scoláirí go léir ag gach leibhéal a chur san áireamh.
Bíonn rang OSPS/Creideamh ag gach bliain grúpa sa gColáiste. Sa timthriall sinsearach bíonn rang 'Treoir' seachtainiúil ag an Idirbhliain, Bliain 5 & Bliain 6.

Cuspóirí (Féach Plean do gach bliain)

GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOGHLAMA AGUS CUR CHUIGE OIBRE
Baintear úsáid as réimse leathan gníomhaíochtaí chun na haidhmeanna/ cuspóirí a bhaint amach.

COMHAIRLIÚ PEARSANTA AGUS SÓISIÁLTA

Aidhmeanna:

- Seirbhís rúnda éisteachta, gan breithiúnas, a bheith ar fáil do na scoláirí.
- Comhairle agus treoir chun déileáil le deacrachtaí, imní a chur ar fáil dóibh.
- A féinmheas agus scileanna ceannasaíochta a fhorbairt.

- An t-eolas agus na scileanna a bhaineann le forbairt phearsanta agus shóisialta an scoláire, le féinaithne agus le pleanáil a chur ar fáil.
- Scileanna bainistíocht ama agus staidéir a iniúchadh leo.
- Tacaíocht a chur ar fáil do scoláirí atá i gcruachás.
- Cabhrú le scoláirí a smaointe, a mothúcháin agus na roghanna atá acu a chíoradh. Aire agus tacaíocht a tabhairt do dhaltaí a bhíonn ag foghlaim cén chaoi déileáil leis na gnéithe uilig a bhaineann le fás aníos.

Sprioc-ghrupaí:

- Scoláirí atá i mbaol nó atá curtha ar aghaidh chuig Príomoide / Príomhoide Tánaisteach ó (Comhairleoir Treorach), ó mhúinteoirí, ón bpríomhoide, ón bpríomhoide tánaisteach, ó tuismitheoir(í) nó Scoláirí a thagann chun cinn iad féin.
- Cur ar aghaidh scoláire ag an bPríomhoide chuig lucht gairme taobh amuigh den scoil, m.sh. An tSeirbhís Náisiúnta um Shíceolaíocht san Oideachas (NEPS).

Modhanna:

- Seisiún comhairleoireachta go haonarach nó mar bhall ghrúpa nó ranga.

COMHAIRLIÚ OIDEACHASÚIL

Aidhmeanna

- Seirbhís Treorach a mhíniú do na scoláirí maraon leis an gcóras tacaíochta atá ar fáil sa gColáiste.
- Scileanna staidéir, bainistíocht ama agus plean obair bhaile a dhéanamh leo.
- Cabhrú leo ábhar a roghnú don Ardteist trí shuimeanna, scileanna agus laidreachtaí atá acu a phlé agus a aithint. Measúnú a dhéanamh.

COMHAIRLIÚ GAIRME

Aidhmeanna

- Scileanna staidéir, bainistíocht ama, déanamh scrúdaithe, roghnú ábhar, leibhéal agus plean staidéir a dhéanamh leo.
- Iniúchadh suimeanna agus scileanna a dhéanamh leo m.sh REACH, Qualifax agus Careers Portal.
- Measúnú a dhéanamh chun cabhrú le scoláirí féinthuiscint níos fearr a bheith acu ag úsáid triallacha síceolaíochta.
- Aoi-chainteoirí a thabhairt isteach.
- Iniúchadh gairmeacha beatha a dhéanamh
- Na scoláirí a ullmhú i gcomhair thaithí oibre, breathnú oibre.
- Súil a choinneáil ar iardhaltaí maidir lena mbealaí gluaiseachta agus lena gcuspóirí.
- Scoláirí a chur ar an eolas faoi CAO,UCAS, Cúrsaí PLC, SOLAS (FÁS) & rl, deiseanna traenála, ar ghairmeacha agus ar phostanna.
- C.V a chur le chéile leo.
- Scileanna agallaimh a dhéanamh leo.

Rúndacht

Le comhairliú pearsanta, sóisialta is oideachasúil léantar an riail rúndacht (coinneofar Polasaí Cúram Leanaí i gcuimhne i gcónaí, lch.39 Lámhleabhar an Mhúinteora) mura gceaptar go bhfuil an scoláire nó aon duine eile i mbaol. Cuirtear an scoláire ar an eolas ag tús gach cruinniú faoin socrú seo.

Tuairisciú

Úsáideann an fhoireann teagaisc cód speisialta ag tuairisciú aon eolas rúnda faoi Scoláirí ina lámhleabhair.

NASCANNA

Léiríonn an méid seo a leanas an cur chuige uile-scoile a úsáidtear sa gColáiste. (Féach freisin lch.21 Lámhleabhar – Buncheisteanna don Chomhsheasmhacht)

Múinteoir Ranga

D'fhonn na daltaí a mhealladh le comhoibriú agus iarracht a dhéanamh, tá sé ríthábhachtach iad a mholadh agus a aithint i scríbhinn agus ó bhéal lena gcuid féinmheasa agus féinmhuinín a mhúscailt. Ba chóir don mhúinteoir ábhair díriú ar eitic oibre dhearfach bhríomhar a fhorbairt sa seomra ranga. Ba chóir go mbeadh a c(h)ur chuige i dtreo bhainistíocht an tseomra ranga daingean, cothrom, uileghabhálach agus comhsheasmhach. (Lch 7- 8 Lámhleabhar)

Oide Bliana (féach lch.22 Lámhleabhar)

- Scoláirí a ghríosadh chun cumas s'acu a bhaint amach.
- Súil a choinneáil amach do scoláirí le deacreachtaí agus iad a thuairisciú don oide bliana nó an (comhairleoir treorach) Príomhoide.
- Teagmháil le tuismitheoirí.

Cúntóirí/Tacaí Ranga (SNA)

- Cur ar aghaidh ó mhúinteoirí.
- Teagmháil le tuismitheoirí.
- Monatóireacht ar scoláirí go ginearálta ach go háirithe iad siúd faoin a gcúram.

Comhordaitheoir do Chlár na hIdirbhliana

- Ocaidí, aoi-chainteoirí a eagrú chun cur le forbairt pearsanta na scoláirí.
- Teagmháil le tuismitheoirí agus bainistíocht an Choláiste.

Múinteorí OSPS

- Scoláirí a ghríosadh go mbeadh íomha dearfach acu dóibh féin agus féinmhuinín dearfach.
- Forúm oscailte faoi chursaí sóisialta, pearsanta agus sláinte.
- Cur ar aghaidh más agus nuair is gá.
- Múinteoirí le freastail ar chúrsaí inseirbhíse.
- Acmhainní ar suíomh PDST.

Comhordaitheoirí do Riachtanaisí Speisialta

- Scoláirí le deacreachtaí foghlama nó módhanna difriúla foghlama a aithint.
- Cur ar aghaidh ag NEPS más gá.
- Féach - Lámhleabhar Lch 31-34, eolas ginearálta.

Comhairle na nDaltaí

- Cúiseanna imní a aithint.
- Tuairimí na scoláirí a thuairisciú do ionadaí an fhoireann teagaisc a chabhróidh le hathruithe dearfacha a dhéanamh.

Cosaint Leanaí

- Go bhfuil na baill de fhoireann teagaisc ar an eolas faoin doiciméid faoi Chosaint Leanaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Lch.39 Lámhleabhar).
- Tá muinteoirí /Fhoireann Teagaisc aireach go gcaithfear aon eolas a fhaigheann siad faoi scoláirí i mbaol a insint don DLP.
- Dorais an tseomra a bheith oscailte mar ghnáth nós nuair ata baill den fhoireann agus scoláire i seomra leo féin.

CÉIMEANNA MONATÓIREACHTA:

- Déanfaidh na h-Oidí Ranga, Múinteoirí, Príomhoide monatóireacht go rialta ar cur i bhfeidhm an Phlean.
- Beidh Treoir agus Comhairleoireacht ar chlár chruinniú fóirne go tearmúil.
- Tábharfar ceistneoir meastóireachta ar Treoir agus Comhairleoireacht do na scoláirí mar chuid den monatóireacht.
- Pléifidh na hOidí Ranga / Príomhoide na tuarascálacha Coláiste leis na scoláirí agus uaidh seo gheobhaidh siad aischothú fhiúntach ar Threoir agus Comhairleoireacht sa gColáiste.

ATHBHREITHNIÚ:

Ag deireadh na céad bliana agus go bliantúil ina dhiaidh sin déanfaidh an Chó-ordnóir Thréadach, na hOidí Ranga agus roinnt scoláirí agus tuismitheoirí athbhreithniú ar an bpolasaí um Threoir agus Comhairleoireachta.

Clár Ama:

- Dréacht pholasaí ar fáil do chruinniú fóirne ar an 26 Lúnasa 2013.
- Curtha faoi bhráid Choiste na dTuistmitheoirí, Comhairle na nDaltaí agus an Bhord Bainistíochta – céad téarma 2013.
- Curtha i bhfeidhm céad téarma 2013.

PLEAN TREORACH – BLIAIN 1

Am:

- Lá ionduchtú faoi leith do dháltaí na céad bliana i Meán Fómhair.
- Cruinniú Tuismitheoirí Bliain 1 sa chéad choicís den scoil bhliain. Buailfidh na scoláiri agus a dtuismitheoirí leis an bPríomhoide, (an Co-ordnóir Thréadach) agus leis na Ceannairí Ranga. Tábharfar caint ar scileanna staidéir agus iarrfar ar thuismitheoirí agus ar ghasúir conradh gearr foghlamtha a shíniú.
- Turas thar oíche sa chéad mhí – caidrimh a bhunú
- Blaiseadh na n-ábhair roghnacha don chéad leathtéarma.

Aidhmeanna:

- Cabhrú leis na scoláirí an t-aistriú a dhéanamh ó bhunscoil go méanscoil.
- Na scoláirí a chur ar an eolas faoi chontuirtí an tsaoil. Cabhrú leo déileáil le strús agus brú.
- Rogha ábhar - cur síos ar na hábhair éagsúla agus cabhrú leo ábhair a roghnú.
- Eolas ginearálta faoi na hábhair don Teastas Sóisearach.

Straiteisí Teagaisc & Foghlamt / acmhainní.

- Obair ghrupaí.
- Leabhair teagaisc, leábhar líonra
- Notaí.
- Aoi-chainteoirí.
- Turais staire áitiúla

Clár na Ranganna:

- Scoláirí a chur ar an eolas faoi rialacha/polasaithe an Choláiste agus na seirbhisí tacaíochta atá ar fáil.
- Clár ama/Dialann an Choláiste/Scileanna eagrúcháin.
- Cén chaoi an cinneadh ceart a dhéanamh.
- Tábhacht chaitheamh aimsirí/ ar do scíth a ligean.
- Mothúcháin: iad a aithint & meas a leiriú ar mhothúcháin daoine eile.
- Sábháltacht: Scoil/An bóthar srl./Bus scoile.
- Scileanna staidéar bunúsacha/cén chaoi nótaí & príomhphointí a thógáil.
- Brú-Chomhaoiseach.
- Rogha ábhar.

Nasc le hábhair eile-OSPS/OSSP/Creideamh, Polasaí Frith-Bhulaíochta

PLEAN TREORACH – BLIAIN 2

AM: Mar chuid den chlár OSPS, CREIDEAMH

Aidhmeanna:
Scileanna a mhúineadh dóibh chun iad féin a eagrú agus a bheith ar fáil chun cabhrú le aon scoláire (nó grupaí) le deacrachtaí.

Cuspóirí:

- Scileanna Staidéir.(Careers Portal)
- Aidhmeanna / spriocanna foghlama don bhliain
- Sábháilteacht i gcoitinne agus ar an idirlín.
- Iompar & cén chaoi caitheamh le daoine eile.
- Cén chaoi an cinneadh ceart a dhéanamh.
- Sláinte.
- Am Saor / Faoiseamh srl.
- Féin-bhainstíocht.

Módhanna múinte:

- Téacs-leabhair.
- Nótaí.
- Obair bheirte/Ghrúpaí.
- Aoi-chainteoirí – 4 sheisiúin ar Oideachais Chaidreamh & Gnéasach (Aids West)
- Leabhar Líonra
- Acmhainí digiteacha

Nasc le hábhair eile-OSPS/OSSP/Creideamh, Polasaí Frith-Bhulaíochta

PLEAN TREORACH – BLIAIN 3

AM: Mar chuid den chlár OSPS, CREIDEAMH

Aidhmeanna:
Cabhrú leis na scoláirí a saol a dhéanamh chomh sona is a féidir & scileanna a thabhairt dóibh chun iad féin a eagrú is stáidéar éifeachtach a dhéanamh. Socrú ar na léibhéil cuí don Teastas Sóisearach.

Cuspóirí:

- Aidhmeanna / spriocanna foghlama don bhliain
- Scileanna staidéir (Careers Portal, aoi-chainteoir)
- Féin-Bhainstíocht.
- Clár ama éifeachtach.
- Cén chaoi brú a lamhscáil/bhainistiú.
- Sábháltacht.
- Mí-úsáid substaintí.
- Tionchar ó dhaoine eile agus cén chaoi déileáil leis.

Modhanna Múinte:

- Notaí.
- Obair ghrúpa
- Obair bheirte.
- Tuairiscí Míosúla

Nasc le hábhair eile-OSPS/OSSP/Creideamh, Polasaí Frith-Bhulaíochta

PLEAN TREORACH – BLIAIN 4 (Idirbhliain)

Am: Dhá rang sa tseachtain – treoir & forbairt pearsanta

Aidhmeanna: Go dtuigfidh na scoláirí an éagsúlacht gairmeacha atá ann agus an tábhacht atá a bhaineann le teacht ar eolas chun an cinneadh ceart a dhéanamh. Cábhrú leo siúd a mhothaíonn faoi bhrú. Ullmhú i gcomhair taithí oibre - trí thréimhse in iomlán – 2 thréimhse in ionaid oibre agus tréimhse amháin 'cúramaí sóisialta'.

Cuspóirí:

- Ullmhú agus plé ar thaithí oibre.
- Scileanna cinireachta
- Scileanna Staidéir.
- Foghlaim féin-stiúrtha
- Measúnú-ag cabhrú le scoláirí féintuiscint níos fearr a bheith acu tri úsáid a bhaint as triallacha siceolaíochta. (DATS, REACH)
- Scileanna cruthaitheacha
- Saoránacht

Straitéisí Teagaisc agus Foghlama:

- Na hacmhainní taighde a thabhairt agus a mhíniú do na Scoláirí.
- Bheith ar fáil chun cabhair, comhairle & eolas a thabhairt nuair atá gá.
- Iniúchadh suimeanna/scileanna.

Clár :

- Na hacmhainní a thabhairt do na Scoláirí.
- Tionscnamh.
- DATS
- Obair tras-curaculum
- Aoi-chainteoirí– ar Oideachais Chaidreamh & Gnéasach (**Aids West**)
- Diospóireachtaí
- Careers Portal / Reach – Saol Oibre

Nasc le hábhair eile- TREOIR, OSPS /Creideamh / Turais / Taithí Oibre, Polasaí Frith-Bhulaíochta

PLEAN TREORACH – BLIAIN 5

Am: Rang amháin sa tseachtain.

Aidhmeanna: Tógáil ar obair/taighde na hIdirbliana. Go dtuigfidh na Scoláirí an éagsúlacht gairmeacha atá ann agus an tábhacht a bhaineann le teacht ar eolas chun an cinneadh ceart a dhéanamh. Cábhrú leo siúd a mhothaíonn faoi bhrú.

Cuspóirí:

- Turas a bhaineann le gairmthreoir: OPTIONS WEST
- Tionsnamh ar a rogha gairm
- Iniúchadh suimeanna/scileanna.
- Scileanna Staidéir.

Straitéisí Teagaisc agus Foghlama:

- Na hacmhainní taighde a thabhairt agus a mhíniú do na Scoláirí.
- Bheith ar fáil chun cabhair, comhairle agus eolas a thabhairt nuair atá gá.
- Iniúchadh suimeanna/scileanna.
- Tionscnamh.

Acmhainní:

- REACH, Careers Portal – Saol Oibre
- Leabhair Eolais na nOllscoileanna.
- Turais.
- Aoi-chainteoirí.
- Fronter + Student Public

Nasc le hábhair eile- TREOIR/OSPS/Creideamh, Polasaí Frith-Bhulaíochta

PLEAN TREORACH – BLIAIN 6

Am: Rang amháin sa tseachtain.

Aidhmeanna:
Eolas a dháileadh faoi chursaí, gairmeacha, CAO & UCAS sa rang agus go aonarach. Cábhrú leo siúd a mhothaíonn faoi bhrú.

Cuspóirí:

- Turas a bhaineann le gairmthreoir: OPTIONS WEST
- Scileanna Staidéir.
- Iniúchadh suimeanna/scileanna.
- Aoi-Chainteoirí.
- Foirmeacha CAO / UCAS a chur chun bealaí

Straitéisí Teagaisc agus Foghlama:

- Na hacmhainní taighde a thabhairt agus a mhíniú do na Scoláirí.
- Bheith ar fáil chun cabhair, comhairle agus eolas a thabhairt nuair atá gá.
- Measúnú/scrudaithe ar ábaltacht/suimeanna.

Acmhainní:

- REACH, Careers Portal - Saol Oibre
- Leabhair Eolais na nOllscoileanna.
- Turais.
- Aoi-chainteoirí.
- Iniúchadh suimeanna.
- Iniúchadh scileanna.
- Fronter + Student Public

Nasc le hábhair eile- TREOIR, OSPS/OSSP/Creideamh, Polasaí Frith-Bhulaíochta

FAOMHAITHE AG AN MBORD BAINISTÍOCHTA 5Ú SAMHAIN 2013
ATHBHREITHNIÚ MÁRTA 2015

SÍNITHE: Brian Ó Maoilchiaráin _____ Pádraig Ó Súilleabháin _____
PRÍOMHOIDE CATHAOIRLEACH

Coláiste an Eachréidh
5 [illegible] 2013
Brian Ó Maoilchiaráin